**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**
**BRAINSE NA SCRÚDUITHE**

SCRÚDUITHE DON TEASTAS SÓISEARACH, 2001

# CLÓSCRÍOBH
(GNÁTHLEIBHÉAL)

## DÉ hAOINE, 1 MEITHEAMH 9.30 r.n. - 11.40 r.n.

**TREORACHA**

## GINEARÁLTA

* Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9.30-9.40 r.n. *Ní ceadmach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhse sin.*

* Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscríobh `M' i ndiaidh d'Uimhir Scrúdaithe má tá clóscríobhán neamh-leictreonach á úsáid agat.

* Tosaigh gach Roinn ar bhileog úr.

* Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht rl, ach amháin sa Triail Chruinnis, (Ceist 1). Dealófear marcanna má fhágann ceartúcháin obair mhí-shlachtmhar ina ndiaidh.

* Ag deireadh an scrúdaithe bailigh do chuid oibre **in ord**.

* Cuir d'Uimhir Scrúdaithe ar an gclúdach atá ann dod obair chríochnaithe. Cuir `M' i ndiaidh d'Uimhir Scrúdaithe má d'úsáid tú clóscríobhán láimhe (neamh-leictreonach).

* Ná cuir do Thriail Cruinnis i gclúdach ar leith.

* Léigh go cúramach na treoracha sonracha do gach Ceist mar atá tugtha thíos.

**CEISTEANNA**

**1. Triail Chruinnis** (9.40 - 9.50 r.n.)

1.1 Déan cóip charbóin de do chuid oibre. Dealófar marcanna muna ndéanfar seo.

1.2 Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág dóthain imeall ar an dá thaobh den pháipéar.

1.3 Dealófar marcanna má bhaintear úsáid as ceartúcháin de shaghas ar bith.

1.4 Ní ghnóthófar marcanna breise má clóscríobhtar an sliocht nó aon chuid de den dara huair.

1.5 Ní gá teideal an ghiota a chlóscríobh.

1.6 Tabhair an chóip chlóbuailte agus an chóip charbóin ded chuid oibre chuig an bhfeitheoir ag deireadh na Trialach Cruinnis. Tabharfar an dá chóip ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun cur leis an gcuid eile ded chuid chleachtaithe.

**2. Litir Ghnó**

2.1 Clóscríobh an litir seo sa bhfoirm cheart.

**3. Ráiteas Táblaithe**

3.1 Clóscríobh agus rialaigh **go néata**, i ndúch.

**4. Fógra**

4.1. Taispeáin an Fógra go héifeachtach.

4.2. Lárnaigh gach líne go cothrománach agus an Fógra uile go ceartingearach ar an leathanach.

**CEIST 1 - TRIAIL CHRUINNIS (10 NÓIMÉAD CEADAITHE)**

**(a)** **Déan cóip charbóin ded chuid oibre.**

**(b)** **Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág dóthain imeall.**

**(c)** **Dealófar marcanna má dhéantar ceartúcháin.**

**(d)** **Ní ghnóthófar marcanna breise má clóscríobhtar an sliocht nó cuid de den dara huair.**

**(e)** **Tabhair an chóip chlóscríofa agus an chóip charbóin ded chuid oibre don Fheitheoir nuair a bheidh an triail chruinnis thart. Tabharfar iad seo ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun gur féidir leat do chuid oibre a chur in ord.**

Tar éis tinte tubaisteacha an 19ú céad atógadh Cópanhágan go cúramach ina cathair shuaimhneach ghrástúil,saor ó na ceapa ollmhóra foirgníochta. Is gean léi inniu a stair féin. Gan trácht carranna ach ar éigean, is leis an rother na sráideanna atá ar fáil freisin don spaisteoireacht. Is deis í le páláis iontacha, iarsmalanna, páirceanna agus gáirdíní a fheiceáil. Diamhracht agus áilleacht dealbh bheag na Maighdine Mara, a spreag scéal síoraí úd an 19ú céad le Hans Christian Andersen, insíonn siad cuid de stair Chópanhágain. Ar bhreathnú don taistealaí thar an gcalafort i dtreo na Bailte, cuimhníonn sé ar na scéalta a bhaineann le foghlaithe mara agus leis na Lochlannaigh roimhe sin.

A bhui b'fhéidir le meon cathardha na n-áitritheoirí, tá dea-ord ar leagan amach uirbeach Kobenhavn, a chiallaíonn "calafort do longa trádála" sa tSean-Danmhairgis. Bíodh gur cathair sách mór í, tá na ceantair thurasóireachta gar dá chéile. Is bealach coisithe í an phríomhshráid ar a dtugtar Strojet atá lán de shiopaí éadaí deartha, troscáin, seodóireachta agus earraí ti.

Is é suíomh ar Oileán Sjaelländ i gCaolas Oresund a rinne láthair straitéiseach ghnó den chathair agus a thug deis di fás gasta a dhéanamh.

**(25 marc)**

**CEIST 2 – LITIR GHNÓ**

**CLÓSCRÍOBH AN LITIR GHNÓ SEO A LEANAS. NÍL CÓIP CHARBÓIN DE DHÍTH. TÁ CLÚDACH NÓ CRUTH CLÚDAIGH RIACHTANACH.**

2 Meitheamh 2001

An tUas. Peadar Mac Giolla Phóill
228 Sráid na Maighdine
An Caisleán Nua
Co Luimnigh

An tUasal Mac Giolla Phóil

**MAIDIR LE: CEADÚNAS PÍOLÓTA PHRÍOBHÁIDIGH (PPL)**

Gura maith agat as ucht do litreach dar dáta 24 Bealtaine maidir leis an gcúrsa thuas. Is cúis áthais dom a chur in iúl duit go mbeimid in ann cúrsa a thairiscint duit a mbeidh struchtúr mar seo a leanas air:

1. Cuirtear tús leis an gcúrsa le réamh-eitilt chun an dalta a chur ar an eolas faoi láimhseáil agus faoi cad atá i gceist le eitilt aerárthaigh.

2. Ansin leantar ar aghaidh le sraith de cheachtanna déacha. Déantar iarratais ansin d'Údarás Eitleoireachta na hÉireann (IAA) ar cheadúnas píolóta ar oiliúint (SPL).

3. Tosaíonn eitilt aonair de ghnáth tar éis 12-15 huaire de theagasc déach.

4. Is gá 45 huaire d'eitilt go hiomlán don PPL, 10 gcinn díobh sin d'eitilt aonair agus 5 huaire de thuiscint ionstraimí.

5. Tig leat cur isteach ar thriail eitilte ansin. Is éard atá i gceist sa scrúdú sin tástáil ar thalamh agus tástáil eitilte ina ndéantar eolas agus scil eitilte an dalta a thástáil.

Is féidir an cúrsa a shíneadh thar an oiread ama agus is gá, a bheag nó a mhór. Is é an meán achair ama ó aon bhliain amháin go dtí ocht mí dhéag. Ach pas a bheith agat "IS LEAT AN SPÉIR".

Le dea-ghuí
AERPHÁIRC SHEFTON TEORANTA

FRANK SEFTON
Stiúrthóir Bainistíochta

**(25 marc)**

**CEIST 3 – RÁITEAS TÁBLAITHE**

**AN RÁITEAS TÁBLACH A LEANAS A CHLÓSCRÍOBH AGUS A RIALÚ, LE DO THOIL. GLACFAR LE STÍL BHLOIC NÓ LE STÍL LÁRNACH**

**RÍOMHCHLÁIR DHEIMHNITHE WEB**
**2000/2001**

| RÍOMHCHLÁR | CÓD RÍOMHCHLÁIR | LAETHANTA | TÁILLE | LÁ NÓ TRÁTHNÓNA | DÁTAÍ CÚRSA |
|---|---|---|---|---|---|
| Máistir Web A | MWA | 12 | £1895 | Tráthnóna Luan & Máirt | M. Fómh 18 – Noll 11 |
| Máistir Web B | MWB | 12 | £1895 | Satharn | M. Fómh 23 – Noll 9 |
| Dearthóir Web A | DWA | 12 | £1895 | Tráthnóna Céad & Déard | M. Fómh 20 – Noll 7 |
| Dearthóir Web B | DWB | 12 | £1895 | Aoine | M. Fómh 22 – Noll 8 |
| Bainisteoir Ríomhchláir Web | BW | 06 | £1150 | Luan | M. Fómh 18 – D. Fómh 16 |
| Forbróir Ríomhchláir Web | FW | 08 | £1265 | Dátaí le cinntiú | |

**(30 marc)**

**CEIST 4 - FÓGRA**

**AN FÓGRA A LEANAS A THAISPEÁINT AR BHILEOG DE PHORTRÁID A5 AGUS A LÁRNÚ GO CEARTINGEARACH AGUS GO COTHROMÁNACH**

CÚRAM TALAIMH
TÍRDHREACHTÚ

Tírdhreachtú agus Dearadh

Speisialtóir i nGáirdíní Beag-Chúraim Uile

Paitiónna & Sráideanna Tí
Saoirseacht Chloiche
Toir & Plásóga
Leagan & Máinliacht Crann

Gach gné d'obair adhmadóireachta déanta ar ordú

Fáladóireacht
Treilís
Taobhgheataí
Deiceáil

Teagmháil: Maitiú

Tel: 01-8321964
Soghluaiste: 087 2558908

**(20 marc)**